

Polasaí Comhshaoil

Is é RTÉ eagraíocht náisiúnta meán cumarsáide seirbhíse poiblí na hÉireann. Go bunúsach is eagraíocht chruthaitheach é RTÉ, a dhéanann agus a choimisiúnaíonn raon leathan cláracha agus ábhar ardchaighdeán chun freastal ar riachtanais a lucht féachana agus éisteachta.

Agus aird aige ar a oibleagáidí seirbhíse poiblí ar gach slí, tá beartas comhshaoil freagrach ag RTÉ, a chumhdaíonn na prionsabail seo a leanas:

Tiomantas: Ag teacht lenár luachanna, táimid tiomanta d'ardchaighdeán bainistiú acmhainní, ag díriú níos mó agus níos mó ar inbhuanaitheacht. Tá RTÉ tiomanta d'fheabhsúchán leanúnach ar an gcomhshaoil, trínár ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach freagrach agus comhlíontach ó thaobh an chomhshaoil de.

Ag obair le chéile: Cuirfidh RTÉ a fhoireann ar an eolas agus spreagfaidh sé iad chun ról gníomhach a ghlacadh maidir lena spriocanna comhshaoil a chur i ngníomh. Cuirfidh RTÉ daoine ar an eolas agus cuirfidh oiliúint ar fáil de réir mar is gá. Cuirfidh sé dea-chleachtas chun cinn. Oibreoidh RTÉ go dlúth le soláthróirí agus custaiméirí chun cur chuige comhtháite a chothú i leith cur i ngníomh na n-aidhmeanna beartais comhshaoil atá luaite.

Ag obair ar aon dul leis an gcomhshaoil agus leis an bpobal: Leanfaidh RTÉ ar aghaidh ag obair leis an bpobal áitiúil trí thionscnaimh comhshaoil a bhrú chun cinn ar an láthair agus tuairisciú ar shaincheisteanna comhshaoil is díol spéise don phobal.

Feabhsú leanúnach: Trína phróiseas Grúpa Comhairleach Comhshaoil leagfaidh RTÉ amach spriocanna feabhsaithe sonracha, déanfaidh monatóireacht ar an dul chun cinn agus cuirfidh torthaí in iúl go himmheánach agus go seachtach nuair is cuí.

Caighdeán dea-chleachtas a fheidhmiú maidir le bainistiú réadmhaoine: Leanfaidh RTÉ air ag tabhairt faoi fheabhsú leanúnach maidir le bainistiú réadmhaoine. Déanfaidh RTÉ a chuid foirgneamh a thógáil, a athchóiriú agus a bhainistiú ar shlí a laghdóidh na tionchair chomhshaoil ghaolmhara agus a luífidh leis an timpeallacht sheachtach.

Ídiú uisce agus fuinnimh: Déanfar monatóireacht ar an ídiú uisce agus fuinnimh ar bhonn leanúnach le tiomantas leanúnach maidir leis an éifeachtúlacht is fearr is féidir a bhaint amach trí dhea-chleachtas.

Iompar: Déanfaidh RTÉ monatóireacht ar chúrsaí iompair agus taistil agus tá sé tiomanta an tionchar a bhíonn aige ar an gcomhshaoil a laghdú trí roghanna inbhuanaithe maidir le taisteal gnó agus comaitéireacht a chur chun cinn agus a spreagadh. Nuair is féidir, déanfaidh RTÉ iompar inbhuanaithe earraí agus seirbhísí a chur i bhfeidhm agus a spreagadh lena bpáirtithe leasmhara.

Athrú aeráide: Cinnteoidh tiomantas RTÉ d'fhuinneamh, uisce agus iompar go leanfar ar aghaidh ag díriú ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, ag teacht le comhaontuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an tionchar a bhíonn againn ar athrú aeráide a íoslaghdú. Déanfaidh RTÉ a ghnó a ullmhú chun déileáil leis na héifeachtaí ón athrú aeráide trí na rioscaí agus deiseanna seo a thuiscint.


Soláthar: Déanfar tionchar comhshaoil agus critéir chomhshaoil a bhreithniú agus próisis thairisceana á bhforbairt.

Bainistiú dramhaíola: Leanfaidh RTÉ ar aghaidh le cosc, laghdú, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar an láthair ar shlí chórasach agus éifeachtach ó thaobh costas. Bainfidh RTÉ úsáid as conraitheoirí bainistiú dramhaíola a ndéantar rialáil chuí orthu, chun bainistiú sábháilte dramhaíola a chinntiú de réir na reachtaíochta agus de réir dea-chleachtas comhshaoil.


Bithéagsúlacht: Bainfidh RTÉ an leas is fearr is féidir as gach deis chun éiteas caomhnaithe agus cosanta a chur chun cinn i ndáil leis an gcomhshaoil, le meas ar an tírdhreach agus ar an tábhacht a bhaineann le hoidhreacht nádúrtha agus éiceachórais na hÉireann a chosaint.

Truailliú a Rialú: Tá RTÉ tiomanta an baol go dtarlódh truailliú a íoslaghdú agus caighdeán dea-chleachtas maidir leis sin a ghlacadh.

Athbhreithniú Bliantúil: Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo uair sa bhliain. Iarrtar aiseolas agus beidh fáilte roimhe, i gcomhthéacs athruithe ar an mbeartas a chabhróidh le feabhas leanúnach.



Dee Forbes - Príomh-Stiúrthóir



Dáta